P9_TA(2022)0385

# Forálacha acquis Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán sa Chróit

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Samhain 2022 Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le forálacha acquis Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán i bPoblacht na Cróite (10624/2022 – C9-0222/2022 – 2022/0806(NLE))**

**(Comhairliúchán)**

(2023/C 161/12)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don dréacht ón gComhairle (10624/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2012, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0222/2022),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cur i bhfeidhm iomlán *acquis* Schengen ag an gCróit a fhíorú (COM(2019)0497),

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha is gá chun *acquis* Schengen ag an gCróit a chur i bhfeidh go hiomlán (COM(14883)21),

— ag féachaint d'Airteagal 77(67) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear limistéar saoirse, slándála agus ceartais lena bhforáiltear go n-áiritheoidh an tAontas nach mbeidh rialuithe teorann inmheánaí ann do dhaoine,

— ag féachaint d'Airteagal 21(1) CFAE agus d'Airteagal 45 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirithítear ceart na saoránach gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát,

— ag féachaint dá rúin an 8 Iúil 2021 ([1]) agus an 30 Bealtaine 2018 ([2]) maidir leis na Tuarascálacha Bliantúla ar fheidhmiú limistéar Schengen chomh maith lena rúin an 11 Nollaig 2018 ([3]), an 13 Deireadh Fómhair 2011 ([4]) agus an 8 Meitheamh 2011 ([5]) maidir le próiseas méadaithe Schengen,

— ag féachaint do bhreithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine i gcás M. H agus eile v. an Chróit (15670/18 agus 43115/18) an 18 Samhain 2021,

— ag féachaint do thuarascáil bhliantúil mhí Iúil 2022 ar an Sásra Neamhspleách chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí póilíní de chuid Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Cróite i réimse na himirce neamhdhleathaí agus na cosanta idirnáisiúnta,

— ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0264/2022),

1. ag formheas an dréachta ón gComhairle arna leasú;

2. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis Parlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici an dréacht a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

---

([1]) IO C 99, 1.3.2022, lch. 158.
([2]) IO C 76, 9.3.2020, lch. 106.
([3]) IO C 388, 13.11.2020, lch. 18.
([4]) IO C 94 E, 3.4.2013, lch. 13
([5]) IO C 380 E, 11.12.2012, lch. 160.

**Déardaoin 10. Samhain 2022**

**Leasú 1**

**Dréachtchinneadh**

**Aithris 4**

| *Dréacht ón gComhairle* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) An 22 Deireadh Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht maidir le fíorú ar chur i bhfeidhm iomlán acquis Schengen ag an gCróit ([5]), inar thángthas ar an gconclúid "go measann an Coimisiún go bhfuil na bearta is gá glactha ag an gCróit chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha is gá chun na codanna ábhartha uile de acquis Schengen a chur i bhfeidhm. Beidh ar an gCróit leanúint de bheith ag obair go comhsheasmhach maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí leanúnacha uile, go háirithe i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, chun a áirithiú go leanfar de na dálaí sin a chomhlíonadh. Dearbhaíonn an Coimisiún freisin go leanann an Chróit de na gealltanais a bhaineann le acquis Schengen, mar a gabhadh ar láimh ina caibidlíocht aontachais, a chomhlíonadh".<br>_____<br>([5]) COM(2019)0497 an 22.10.2019 | (4) An 22 Deireadh Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht maidir le fíorú ar chur i bhfeidhm iomlán acquis Schengen ag an gCróit ([5]), inar thángthas ar an gconclúid "go measann an Coimisiún go bhfuil na bearta is gá glactha ag an gCróit chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha is gá chun na codanna ábhartha uile de acquis Schengen a chur i bhfeidhm. Beidh ar an gCróit leanúint de bheith ag obair go comhsheasmhach maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí leanúnacha uile, go háirithe i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, chun a áirithiú go leanfar de na dálaí sin a chomhlíonadh. Dearbhaíonn an Coimisiún freisin go leanann an Chróit de na gealltanais a bhaineann le acquis Schengen, mar a gabhadh ar láimh ina caibidlíocht aontachais, a chomhlíonadh". ***Ba cheart don Chróit Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn faoin… [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo] na gníomhaíochtaí leantacha a rinneadh tar éis an phlean gníomhaíochta i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha agus chur chun feidhme aon ghníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann leis sin, lena n-áirítear maidir leis an sásra neamhspleách chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí póilíní.***<br>_____<br>([5]) COM(2019)0497 an 22.10.2019 |

**Leasú 2**

**Dréachtchinneadh**

**Aithris 4 a (nua)**

| *Dréacht ón gComhairle* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, ba cheart don Choimisiún, ina chlár meastóireachta bliantúil, meastóireacht thréimhsiúil nó théamach a áireamh ar chur i bhfeidhm acquis Schengen ag an gCróit i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, lena n-áirítear ábhair imní maidir le staid na gceart bunúsach. I bhfianaise na dtuarascálacha agus na líomhaintí maidir le drochíde agus brú siar imirceach ag na teorainneacha, ba cheart go n-áireofaí sa mheastóireacht sin cuairt ar an gCróit, chomh maith le hobair leantach bhliantúil ar an sásra faireacháin neamhspleách athbhunaithe ag na teorainneacha seachtracha. Ba cheart don Choimisiún moltaí iomchuí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh a sainaithníodh agus faisnéis shoiléir agus rialta a chur ar fáil fúthu.*** |

**Déardaoin 10. Samhain 2022**

**Leasú 3**

**Dréachtchinneadh**

**Aithris 5**

| *Dréacht ón gComhairle* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) An 9 Nollaig 2021, tháinig an Chomhairle ar an gconclúid go ndearna an Chróit na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm gach cuid den acquis ábhartha a chomhlíonadh (6). | (5) An 9 Nollaig 2021, tháinig an Chomhairle ar an gconclúid go ndearna an Chróit na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm gach cuid den *acquis* ábhartha a chomhlíonadh (6) ***agus d'iarr sí ar an gCróit leanúint de bheith ag obair go comhsheasmhach ar chur chun feidhme acquis Schengen agus ar na gealltanais a bhaineann le acquis Schengen***. |

(6) 14883/21

(6) 14883/21